CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/137 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Eanáir 2022

maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe lena gceadaítear an táirge bithicídeach Mydis a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 408)

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(1), an tríú fomhír de, i gcomhar le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Márta 2021, Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe, agus í ag gníomhú thar ceann na Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta ar son Thuaisceart Éireann ("údarás inniúil na Ríochta Aontaithe"), ghlac sí cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, chun go gceadófar an táirge bithicídeach le haghaidh díghalrú lámh Mydis a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i dTuaisceart Éireann, go dtí an 21 Lúnasa 2021 ("an ghníomhaíocht"). Chuir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.

(2) De réir na faisnéise a chuir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. An 11 Márta 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go bhféadfaí ráig ghalar an choróinvíris (COVID-19) a shaintréithriú feasta mar phaindéim. Dhearbhaigh Rialtas na Ríochta Aontaithe go raibh baol "ard" ann don Ríocht Aontaithe agus tháinig bearta sriantacha i bhfeidhm an 23 Márta 2020. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) díghalráin lámh de bhunús alcóil a úsáid mar bheart coisctheach i gcoinne leathadh COVID-19, ina rogha mhalartach ar lámha a ní le gallúnach agus uisce.

(3) Tá clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórúil ina shubstaint ghníomhach in Mydis. Tá clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórúil formheasta lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 1, is é sin "sláinteachas an duine", mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) Ó thosaigh ráig COVID-19, tá éileamh an-ard ar dhíghalráin lámh sa Ríocht Aontaithe, rud as ar lean ganntanas soláthair nach bhfacthas a leithéid cheana maidir leis na táirgí sin. Roimh an ngníomhaíocht sin, ba bheag díghalrán lámh a bhí údaraithe sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is bagairt thromchúiseach é COVID-19 don tsláinte phoiblí sa Ríocht Aontaithe agus tá sé ríthábhachtach díghalráin lámh bhreise a bheith ann chun cosc a chur lena leathadh.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

(5) An 17 Lúnasa 2021, fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil na Ríochta Aontaithe chun síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh an iarraidh réasúnaithe ar bhonn na himní atá ann go bhféadfadh sé go mbeadh an tsláinte phoiblí i mbaol de bharr COVID-19 i ndiaidh an 21 Lúnasa 2021 agus é á chur san áireamh go bhfuil sé ríthábhachtach díghalráin lámh bhreise a cheadú ar an margadh chun an baol a bhaineann le COVID-19 a choinneáil faoi smacht.

(6) Dar le húdarás inniúil na Ríochta Aontaithe, tá an t-éileamh ar dhíghalráin lámh ard i gcónaí, agus dá bhrí sin is gá síneadh a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

(7) Spreagadh cuideachtaí gnáthúdarú le haghaidh táirge a lorg a luaithe is féidir, ar cuideachtaí iad a fuair maoluithe maidir le díghalráin lámh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 tar éis an dearbhaithe ó EDS faoin bpaindéim. Mar sin féin, ní bhfuair údarás inniúil na Ríochta Aontaithe aon iarratas nua ar gnáthúdarú le haghaidh táirge go dtí seo.

(8) Ós rud é go bhfuil COVID-19 fós ina bhaol don tsláinte phoiblí agus nach féidir an baol sin a shrianadh ar bhealach leordhóthanach sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de cheal díghalráin lámh bhreise a bheith ceadaithe ar an margadh, is iomchuí cead a thabhairt d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

(9) I bhfianaise go bhfuil an ghníomhaíocht imithe in éag ó bhí an 21 Lúnasa 2021 ann, ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe, agus í ag gníomhú thar ceann na Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta ar son Thuaisceart Éireann, féadfaidh sí an ghníomhaíocht chun an táirge bithicídeach Mydis a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a shíneadh go dtí an 23 Feabhra 2023.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo ar Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe agus í ag gníomhú thar ceann na Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta ar son Thuaisceart Éireann.

Beidh feidhm aige ón 22 Lúnasa 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún